# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/844 ÓN gCOIMISIÚN

**an 30 Bealtaine 2022**

**lena gceartaítear an leagan Sualainnise de Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le foirne eitlíochta sibhialta de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh, agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 2111/2005, (CE) Uimh. 1008/2008, (AE) Uimh. 996/2010, (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoracha 2014/30/AE agus 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 552/2004 agus (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 23(1) agus Airteagal 27(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sa leagan Sualainnise de Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 ón gCoimisiún ([2]), tá earráid in Iarscríbhinn I (Cuid-FCL), Fochuid A, pointe FCL.010, toisc gur úsáideadh téarma mícheart i gcás ceann de na coincheapa a shainmhínítear sa phointe sin. Déanann an earráid sin difear do shubstaint na bhforálacha san áit ina n-úsáidtear an téarma ábhartha.

(2) Sa leagan Sualainnise de Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 tá mionearráid eile in Iarscríbhinn I, Foscríbhinn 5, pointe 14 c 'Céim 3 – Idirmheánach', an chéad fhleasc, maidir leis an téarma mícheart a úsáidtear don sainmhíniú.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, an leagan Sualainnise de Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 a cheartú dá réir. Ní dhéantar difear do na leaganacha teanga eile.

(4) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste dá bhforáiltear in Airteagal 127 de Rialachán (AE) Uimh. 2018/1139,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*(Ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge.)*

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 212, 22.8.2018, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2011 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le foirne eitlíochta sibhialta de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 311, 25.11.2011, lch. 1).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 30 Bealtaine 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN